

CDETБ

Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath
City of Dublin Education and Training Board

Ráiteas Straitéise 2021-2025

CDETБ

Pobal
Foghlama

Ag cabhrú leat **FOGHLAIM** • Ag cabhrú leat **FÁS** • Ag cabhrú leat **FORBAIRT**

Ráiteas Straitéise CDETB 2021-2025

Is doiciméad beo é seo agus tá sé faoi réir leasaithe, athraithe agus/nó athbhreithnithe ag an mBord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath ar bhonn anailís an athbhreithnithe bhliantúil. Cuirfear aon athrú a chuirtear i bhfeidhm san áireamh sa Phlean Seirbhíse bliantúil.

Clár na n-ábhar

Réamhrá lenár bPríomhfheidhmeannach	4
Ráiteas lenár gCathaoirleach	6
Comhthéacs agus Cúlra	7
Cé muidne	8
Sprioc-scoláirí, spriocfhoghlaimoírí agus sprioc-rannpháirtithe	9
Líon na scoláirí/bhfoghlaimoírí/rannpháirtithe	10
Suíomhanna geografacha	11
Struchtúr na hEagraíochta	15
An Straitéis a Fhorbairt	16
An Straitéis a Fhorbairt	17
Torthaí an tSuirbhé	20
Torthaí na hAnailíse	28
CDETB Pobal Foghlama	29
An Misean atá againn	30
An fhís atá againn	30
Ár gcreidimh	31
Ár dtiomantais	31
An ról atá againn	32
Torthaí	33
An Straitéis	34
Colún 1: Próifil	35
Colún 2: Daoine	36
Colún 3: Oideolaíocht	37
Colún 4: Próisis	38
Feidhmiú	39
Aguisíní	40
Aguisín 1: Giorrúcháin	41
Aguisín 2: Comhaltaí Bhord CDETB	44
Aguisín 3: Leabharliosta Taighde	45
Aguisín 4: Ráiteas Éitis Scoile BOOÉ	46

Réamhrá lenár bPríomhfheidhmeannach



Tá ríméad orm an Ráiteas nua Straitéise seo do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a chur i láthair. Tagann an doiciméad seo as comhairliúchán cuimsitheach a chuimsigh suirbhéanna, cruinnithe, fócasghrúpaí, plé agus idirphlé inar scrúdaigh agus inar phléigh páirtithe leasmhara laistigh agus lasmuigh den eagraíocht tosaíochtaí an BOO. Tá súil agam go spreagfaidh sé seo gach duine a bhfuil baint aige nó aici leis an gcomhlacht bríomhar seo fás, forbairt agus feabhsú breise an chomhlachta a chur chun cinn.

Is eagraíocht mhór, shofhreagrúil agus nuálach é CDETB, a bhfuil buiséad de bheagnach 0.6 billiún euro aige, a fhreastalaíonn ar fhoghlaimeoirí Dara Leibhéal agus ar fhoghlaimeoirí ag leibhéal an Bhreisoideachais agus na hOiliúna i gCathair Bhaile Átha Cliath, chomh maith le scoláirí FE agus AO ar fud na tíre trí SUSI. Déanaimid ár ndícheall chun forbairt agus feabhsú leanúnach a dhéanamh de réir mar a fhreagraimid do gach riachtanas nua a thagann chun cinn i gCathair agus i sochaí a bhíonn ag athrú i gcónaí.

Tá ár scoileanna dara leibhéal ag méadú agus ag fás agus bíonn ár soláthar forleathan BO ag dul in oiriúint do riachtanais na bhfoghlaimeoirí, na fiontraíochta agus an phobail i gcónaí. Tá súil agam go léirítear sa straitéis seo conas atáimid ag súil le tógáil ar na boinn an-láidre atá againn le bheith ag súil le riachtanais amach anseo i gcónaí agus freagairt dóibh dá réir. Oibríonn CDETB i gceantar atá lán le hilchineálacht chultúrtha agus tá sé mar aidhm againn meas a léiriú ar thraidisiúin láidre na n-ealaíon agus an chultúir laistigh dár limistéar feidhme agus cloí leis na traidisiúin sin. Táimid neadaithe go mór sna pobail agus tá ceangail fhorleathana againn le fiontair áitiúla agus náisiúnta agus táimid ag súil leis na ceangail seo a mhéadú agus a fhorbairt le linn thréimhse na straitéise nuaí seo.

Tá a fhios againn go bhfuil an t-oideachas lárnach maidir le saoil a athrú ó bhonn agus tá an foghlaimeoir i gcroílár gach a ndéanaimid dá bharr sin. Tá sé mar aidhm ag CDETB an foghlaimeoir a chumasú ach rochtain a chur ar fáil, a bheith nuálach agus béim mhór a chur ar eispéireas ardchaighdeán foghlama a sholáthar do gach duine dár scoláirí. Oibrímid go dlúth agus i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais, leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus le SOLAS.

Tuigimid freisin an tábhacht atá le soláthar do dhaoine óga laistigh dá bpobail agus oibríonn an BOO go dlúth leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun maoiniú a chur ar fáil agus tacú le seirbhísí don ógra ar fud na cathrach.

Déanfaimid tuilleadh iniúchta ar na modhanna nua forásacha teagaisc agus ar bhealaí nua cumarsáide. Teastaíonn uainn a bheith solúbtha, freagrúil, ionchuimsitheach, cumasaithe agus trédhearcach inár gcuid oibríochtaí. Tá sé mar aidhm againn barr feabhais a bhaint amach agus táimid uailmhianach dár scoláirí, dár BOO, dár gcathair agus dár dtír.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Keith Connolly, Cathaoirleach CDETB, baill an Bhoird, na Stiúrthóirí agus gach uile dhuine a bhí páirteach i gcruthú na straitéise seo as a gcuid ama, saineolais agus machnaimh a roinnt. Táim fíorbhuíoch go háirithe den ghrúpa faoi stiúir Paul Crone, Stiúrthóir na Scoileanna, a bhí páirteach i bhforbairt na straitéise seo sa tréimhse dhúshlánach seo.

**Ms Carol Hanney,
An Príomhfheidhmeannach**

Ráiteas lenár gCathaoirleach



Is cúis mhór áthais dom an Ráiteas Straitéise do Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath (CDETB) a chur i láthair don tréimhse 2021 go dtí 2025. Ó bunaíodh CDETB in 2013, chuireamar le traidisiúin bhairr feabhais an tsoláthair oideachais a chruthaigh agus a d'fhorbair Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath ó bhí 1930 ann.

Múnlóidh an Ráiteas Straitéise seo todhchaí sholáthar an oideachais i gcathair Bhaile Átha Cliath do CDETB, agus a chleachtais nuálacha ag freagairt do riachtanais oideachais na cathrach atá ag teacht chun cinn agus ag athrú. Creidim go gcuireann an Straitéis seo tús le caibidil nua a chuirfidh ar chumas CDETB cultúr dearfach foghlama a chruthú sa chathair agus a chruthóidh deiseanna do gach foghlaimeoir barr a chumais nó a cumais a bhaint amach sna 5 bliana amach romhainn.


Téitear i ngleic sa Ráiteas Straitéise seo leis an soláthar éagsúil i gcathair Bhaile Átha Cliath agus cuirtear an tábhacht atá leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim i gcroílár ár bpobal foghlama. Ligfidh an Ráiteas do gach gné de sholáthar CDETB fás agus forbairt. Ina theannta sin, aithním an obair a dhéanann SUSI ar son na heagraíochta seo agus an luach a thugann sé do CDETB.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le agus moladh a thabhairt do bhaill Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, an Príomhfheidhmeannach, Carol Hanney, baill an choiste a d'oibrigh ar an Ráiteas Straitéise seo agus an fhoireann, na scoláirí, na foghlaimeoirí, na páirtithe leasmhara agus na tuismitheoirí ar fad a bhí páirteach in ullmhú na Straitéise seo. Tá do ghuthanna ríthábhachtach dúinn agus ár ndícheall á dhéanamh againn freagairt do riachtanais na Cathrach agus do riachtanais gach duine.

Tugaim buíochas don fhoireann as an obair a rinne siad chun cur le misean straitéiseach CDETB agus guíim gach rath ar gach scoláire agus foghlaimeoir ar a dturas oideachais agus muid ag obair le chéile chun todhchaí chathair Bhaile Átha Cliath a mhúnlú.

An Comhairleoir Keith Connolly
Cathaoirleach
BOO Chathair Bhaile Átha Cliath

Comhthéacs agus Cúlra



Cé muidne



Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 1 Iúil 2013 faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá struchtúr corparáideach aige a bhfuil coiste a cheaptar go daonlathach agus foireann ardbhainistíochta (feidhmiúcháin) mar chuid de.

Freastalaíonn an CDETB ar an gceantar a chlúdaíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Síneann ceantar riaracháin an CDETB ó Fhionnghlas agus an Chúlóg (i dtuaisceart agus oirthuaisceart na cathrach) chomh fada leis an Rinn agus Baile Formaid (i ndeisceart agus oirdheisceart na cathrach).

Tá CDETB i gceannas ar 23 scoil agus coláiste, 10 nIonad Ógtheagmhála, dhá Ionad Oiliúna, agus Seirbhís um Oideachas Aosach i gcúig cheantar ar leith ar fud na cathrach. Cuireann sé seirbhís oideachais ar fáil freisin i seacht bPríosún agus maoiníonn sé réimse Ionad Oiliúna Pobail agus Tionscnamh Oiliúna Áitiúil.

Cuireann breis agus 3,200 ball foirne an soláthar seo ar fáil do bheagnach 30,000 foghlaimoír (12,000 go lánaimseartha agus 17,500 go páirtaimseartha) agus tacaíonn seirbhísí amhail oideachas iar-bhunscoile, breisoideachas agus seirbhísí oiliúna agus óige leis an soláthar. Áirítear air freisin seirbhís síceolaíochta do scoileanna, aonad forbartha curaclaim, aonad cothabhála foirgneamh agus foireann riaracháin i gCeannoifig CDETB i nDroichead na Dothra.

Tá CDETB freagrach as Bord Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath a sholáthraíonn agus a mhaoiníonn seirbhísí don ógra ar fud chathair Bhaile Átha Cliath.

Cuirtear na seirbhísí ar fad ar fáil ag an leibhéal áitiúil i bpobail ar fud na cathrach.

Tá CDETB freagrach freisin as an údarás náisiúnta dámhachtana um dheontais do mhic léinn in Éirinn, Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI).

Seo a leanas sprioc-scoláirí, spriocfhoghlaimoirí agus sprioc-rannpháirtithe CDETB:

- Próifíl aoise: gach aois
- Daltaí dara leibhéal
- Luathfhágálaithe scoile
- Daltaí na hArdteistiméireachta
- Daltaí na hArdteistiméireachta Feidhmí
- Daltaí Athscrúdú na hArdteistiméireachta
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- Daltaí iar-Ardteistiméireachta
- Daoine fásta atá dífhostaithe
- Oiliúnaithe
- Printísigh
- Daoine fostaithe
- Scoláirí ar chúrsaí oíche
- Foghlaimoirí faoi mhíchumas intleachtúil
- Foghlaimoirí a bhfuil riachtanais bhreise acu
- Foghlaimoirí le gnóthachtáil íseal san oideachais
- Daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus go gearrthéarmach
- Daoine fásta atá ag filleadh ar an obair
- Céimithe Tríú Leibhéal (uasoiúint nó athoiúint)
- Foghlaimoirí Eorpacha
- An tSeirbhís Óige agus Oideachais do dhídeanaithe agus d'imircigh
- Foundations Project a thacaíonn le teaghlaigh agus le daoine gan dídean
- Iarrthóirí Tearmainn
- Ciontóirí agus iar-chiontóirí

Daltaí Iar-Bhunscoile agus iar-AT

Uimhreacha ceadaithe DES **2019/2020**

Seirbhís	Líon na ndaltaí lánaimseartha
Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéal	3,021
Iar-Ardteistiméireacht (PLC)	6,915

Daltaí eile

	Líon na dTairbhíthe* (do bhliain féilire 2019)	Lúnasa go Nollaig 2019 Tosaitheoirí
Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	6,235	2,642
Oiliúint Phrintíseachta	2,418	941
Nascoiliúint agus Bunoiliúint	8	1
Grúpaí BTEI	2,224	1,118
Oideachas Pobail	7,902	3,530
Ionaid Oiliúna Phobail	697	169
ESOL	2,538	1,010
Oiliúint um Thráthnóna	2,014	625
Seirbhís Oideachais do Phríosúin	10,656	3,228
ITABE	328	150
Ceardlann Cheartais	48	11
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	145	69
Scileanna don Obair	182	54
Skills to Advance	48	48
Soláthraithe Sainoiliúna	732	168
Oiliúint i Scileanna Sonraithe	456	130
Oiliúint Tréimhse Oiliúna	222	52
Teagasc Litearthachta Deonach	403	158
SDOG Lárnach	554	239
Ógtheagmháil	865	421

* Úsáidtear an téarma 'tairbhí' chun cur síos a dhéanamh ar líon iomlán na ndaoine a bhainfidh tairbhe as idirghabhálacha a chuirtear ar fáil trí mhaoiniú BO i mbliain ar leith, is cuma má tá siad i láthair ag tús na bliana nó má théann siad isteach i gcúrsa i rith na bliana.

Limistéir agus suíomhanna geografacha

Scoileanna agus Coláistí



- | | |
|--|---|
| 1 Coláiste Breisoideachais Dhiroichead na Dothra | 13 Coláiste Phluincéid, An Halla Bán |
| 2 Coláiste Breisoideachais Bhaile Formaid | 14 Coláiste Breisoideachais Ráth Maonais |
| 3 Coláiste na Coille Móire, Baile Formaid | 15 Coláiste Breisoideachais an Phiarsaigh, Cromghlinn |
| 4 Coláiste Breisoideachais an Halla Bháin | 16 Coláiste na Rinne |
| 5 Coláiste Chaoimhín, Bóthar an Chlochair | 17 Coláiste Pobail na Cabraí |
| 6 Coláiste Dhúlaigh, Coláiste Breisoideachais, an Chúlóg | 18 Coláiste Pobail Lorcáin, Baile Átha Cliath 1 |
| 7 Coláiste Breisoideachais Chromghlinne | 19 Iar-bhunscoil Choláiste Dhúlaigh, An Chúlóg |
| 8 Coláiste Breisoideachais Inse Chór | 20 Coláiste Eoin, Fionnghlas |
| 9 Coláiste Íde, Coláiste Breisoideachais, Fionnghlas | 21 Coláiste Pobail an Toirbhearta, Tír an Iúir |
| 10 Coláiste Breisoideachais Chill Easra | 22 Coláiste Pobail Margaret Aylward, An Halla Bán |
| 11 Coláiste Breisoideachas Marino | 23 Coláiste Pobail Chluain Torc |
| 12 Coláiste na Saoirsí | |


Ionaid Oiliúna



1 Ionad Oiliúna Bhaile Formaid
Cnoc Bhaile Formaid, Baile Formaid,
Baile Átha Cliath 10, D20 CX93.

2 Ionad Oiliúna Fhionnghlaise
Eastát Tionsclaíoch Chrann Phapáin,
Bóthar Bhaile Shéamais, Fionnghlas,
Baile Átha Cliath 11, D11 KW18.

Seirbhís Oideachais Aosaigh



● **Limistéar Seirbhíse Oideachais Aosaigh 1**

Baile Munna, an Chúlóg, Darndál, Seantrabh, Domhnach Míde, an Choill Mhór, Coill an Phríora, an Halla Bán, Bán an Aeir, Beaumont, Droim Conrach, Éadan Mór, Baile Hearman, Ráth Eanaigh.

Oifig Réigiúnach Sheirbhíse Oideachais Aosaigh an CDETB, Bóthar Bhaile Munna, Baile Átha Cliath 11.

● **Limistéar Seirbhíse Oideachais Aosaigh 2**

Baile an Ásaigh, Baile Gall, Baile Munna, an Chabrach, Droim Conrach, Fionnghlas eirbhís Oideachais Aosaigh CDETB, Oifig Réigiúnach, c/o Coláiste Íde CFE, Bóthar Dhroichead Chairdif, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11.

● **Limistéar Seirbhíse Oideachais Aosaigh 3**

Cé Árann, an Baile Bocht, Droim Conrach, Cé na nÓstai, Muinseo, an Chathair Thuaidh, na Dugaí Thuaidh, Rotunda, Bóthar na gCloch, Cluain Tarbh, Páirc na nGrás, an Halla Bán.

Seirbhís Oideachas Aosaigh an CDETB, Oifig Réigiúnach, Ionad Foghlama Aosaigh Parnell, 1 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.

● **Seirbhís Oideachais Aosaigh, Ceantar 4**

Séipéal Iosóid, Gort na Silíní, Cromghlinn, Baile Formaid, Droimneach, Inse Chór, Cill Mhaighneann, Camaigh, Tír an Iúir, Baile Bhaicín.

Seirbhís Oideachas Aosaigh an CDETB, Oifig Réigiúnach, Seirbhís Oideachas Aosaigh, Bóthar an Chaptaein, Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12

● **Seirbhís Oideachais Aosaigh, Ceantar 5**

Teach an Ard-Mhéara, Cé na gCeannaithe, Pembroke, Ráth Maonais, an Malartán Ríoga, an Duga Theas, Toghroinn Chaoimhín, Cé Uiséir, Cé an Adhmaid.


Oifig Réigiúnach Sheirbhíse Oideachais Aosaigh an CDETB, f/ch Coláiste na Rinne, Bóthar Cambridge, An Rinn, Baile Átha Cliath 4.

Ionaid Ógtheagmhála




- 1 Ógtheagmháil Bhaile Formaid
49 Ascaill Ros Mór, Baile Átha Cliath 10.
- 2 Ógtheagmháil Bhaile Munna
Bóthar Bhaile Munna, Baile Átha
Cliath 11.
- 3 Ógtheagmháil Bhóthar na Cille Móire
Scoil Eoin Dé, Bóthar na Cille Móire, Ard
Aidhin, Baile Átha Cliath 5.
- 4 Ógtheagmháil na Cabraí
Tailte Scoil Teanga Mhuire, Bóthar Ráth
Tó, an Chabrach, Baile Átha Cliath 7.
- 5 Ógtheagmháil Chromghlinne
Bóthar Ard Mhacha, Cromghlinn,
Baile Átha Cliath 12.
- 6 Ógtheagmháil Bhaile Hearmann
142 Bóthar Bhaile Hearmann, Ard Aidhin,
Baile Átha Cliath 5.
- 7 Ógtheagmháil Shráid Sheoirse Mhór
Thuaidh
20 Sráid Sheoirse Mhór Thuaidh, Baile
Átha Cliath 1.
- 8 Ógtheagmháil Shráid Pleasants
16 Sráid Pleasants, Baile Átha Cliath 8.
- 9 Ionad Aistrithe
10/10A Cearnóg Parnell, Baile Átha
Cliath 1.

Struchtúr na hEagraíochta



An Straitéis a Fhorbairt



An Straitéis a Fhorbairt

Aithníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath go bhfuil an phleanáil lárnach in oideachas rathúil. Theastaigh ón bhFoireann Ardbhainistíochta plean a fhorbairt a bhí soiléir agus gonta agus ag a raibh spriocanna is féidir a bhaint amach, ach atá go hiomlán tairbheach.

Nuair a ceapadh ina Stiúrthóir Scoileanna é, iarradh ar Paul Crone a bheith i gceannas ar ghrúpa stiúrtha tras-eagraíochtúil chun taighde a dhéanamh ar Ráiteas Straitéise cúig bliana le haghaidh **CDETB** agus é a fhorbairt. Chuirfí ar fáil sa phlean seo treoir shoiléir don Bhord, don lucht bainistíochta agus don fhoireann maidir le tosaíochtaí comhaontaithe d'fhorbairt **CDETB** sa tréimhse **2021-2025**

Bunaíodh an grúpa stiúrtha i nDeireadh Fómhair 2019 agus bhuail an grúpa le chéile cúpla uair chun tobsmaointeoireacht agus plé a dhéanamh ar fhís agus ar thosaíochtaí straitéiseacha do **CDETB** sna cúig bliana amach romhainn. Seo a leanas baill an ghrúpa, a bhí faoi stiúir Paul Crone, Stiúrthóir na Scoileanna:

– Cáit Bohan	Oifigeach Cumarsáide
– Marie Clonan	Príomhoide Tánaisteach, Pobalscoil Margaret Aylward
– Caroline Duggan	Bainisteoir Cúnta, Ionad Oiliúna Bhaile Formaid
– John Farrelly	Oifigeach Forbartha, Foireann Forbartha B0
– Brian Gallagher	Aonad Forbartha B0
– Aoife Greene	Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI)
– Caoimhe Keirns	Oifigeach Oideachais Aosaigh
– Angela Leydon	Seirbhísí Corparáideacha
– Cecilia Munro	Príomhoide, Coláiste Breisoideachais Bhaile Formaid
– Stephen O'Connor	Eagraí an Oideachais, Seirbhís Oideachais CDETB do Phríosúin
– Liz O'Sullivan	Oifigeach Oideachais Aosaigh
– Rory O'Sullivan	Príomhoide, Coláiste Breisoideachais Chill Easra
– Niamh Ward	Príomhoide, Coláiste Breisoideachais Chromghlinne

Léiríonn fairsinge agus doimhneacht na taithí laistigh den ghrúpa seo an soláthar éagsúil laistigh dár n-eagraíocht. Déantar ionadaíocht do gach réimse san eagraíocht agus is í an achoimre a tugadh don ghrúpa eolas ábhartha a bhailiú ó gach páirtí leasmhar chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le cuspóirí straitéiseacha a fhorbairt do **CDETB** do na cúig bliana amach romhainn, ar aon dul le riachtanais an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Phléigh an grúpa stiúrtha, i gcomhar leis an bhFoireann Ardbhainistíochta, colúin don Ráiteas Straitéise ina ndíreofar comhairliúchán agus comhoibriú ar dhréachtú an Ráitis.

Tar éis plé agus tobsmaointeoireachta, dréachtaíodh trí shuirbhé, chuathas i gcomhairle leis an lucht bainistíochta fúthu agus riaradh iad. Tharla sé seo i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2020. Tháinig na suirbhéanna faoi cheannteidil leathana agus d'aithin an grúpa stiúrtha gur réimsí iad seo a chaithfear a fheabhsú.

Tar éis anailís a dhéanamh ar fhreagraí an cheistneora, dhírigh an grúpa stiúrtha ar thrí réimse shoiléire a chaithfear a fheabhsú, agus an tábhacht atá leis an misean atá againn maidir le soláthar oideachais agus oiliúna á haithint aige:

1. Fís agus féiniúlacht CDETB
2. Cumarsáid
3. Forbairt foirne

Siompóisiam

Bhí siompóisiam foirne pleanáilte don chéad chéim eile de chomhoibriú agus de bhailiú an eolais ar feadh lá iomlán i Meán Fómhair 2020. Bhí 60 ball foirne réidh le hionadaíocht a dhéanamh ar gach réimse san eagraíocht chun ceisteanna a fhreagairt faoi na trí cholún a bhfuil achoimre tugtha orthu thuas. Bhí sé beartaithe go mbeadh plé fócasaithe ar siúl ag an siompóisiam chun an grúpa a thabhairt trí na ceithre chéim:

1. An Chéim Oibiachtúil – Cad é anois é?
2. An Chéim Athmhachnamhach – Conas a mhothaím faoi sin?
3. An Chéim Léirmhínteach – Cad a chiallaíonn sé sin?
4. Céim an Chinnidh – Cad a dhéanaimid anois?

Cuireadh an siompóisiam ar ceal mar gheall ar COVID-19.

Fócasghrúpaí

Reáchtáladh roinnt comhairliúchán fócasghrúpa agus reáchtáladh comhairliúcháin freisin le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear iad siúd atá á maoiniú ag CDETB, iad siúd atá ina bpáirtithe le CDETB, iad siúd a mhaoiníonn/a thacaíonn le CDETB, bainisteoirí sinsearachta CDETB agus an Bord. Lena chois sin, cuireadh roinnt díospóireachtaí neamhfhoirmiúla san áireamh mar eolas a bailíodh.

Fuarthas neart eolais sna fócasghrúpaí agus sna díospóireachtaí agus tháinig go leor smaointe iontacha fiseacha chun cinn. Tar éis aiseolas a fháil ó na grúpaí seo agus tar éis don ghrúpa stiúrtha anailís mhion a dhéanamh, cinneadh an Ráiteas Straitéise a fhorbairt faoi cheithre cholún éagsúla:

1. **Próifil** – ina gcuirfear féiniúlacht agus cumarsáid san áireamh
2. **Daoine** – ina gcuirfear foireann agus foghlaimoirí san áireamh
3. **Oideolaíocht** – ina gcuirfear aindreolaíocht, teagasc, foghlaim, measúnú agus tacaíochtaí scoláirí san áireamh
4. **Próisis** – ina gcuirfear córais riaracháin, eagrúcháin agus tacaíochta san áireamh

Rinne an grúpa stiúrtha anailís ar na díospóireachtaí agus ar thorthaí an tsuirbhé agus baineadh as an anailís sin roinnt spriocanna, ar aon dul le tuairimí pháirtithe leasmhara CDETB. Cuireadh na spriocanna seo i láthair an Bhoird i Samhain 2020 le haghaidh comhairliúcháin. Tar éis eagarthóireacht a dhéanamh agus faomhadh an Bhoird a fháil, foilsíodh an Ráiteas Straitéise ar an **19 Samhain 2020**.

Cad a dúirt ár bhfoireann faoi CDETB

Suirbhé Foirne
Líon iomlán na bhfreagraí:
424


Dheimhnigh **beirt** as **triúr**

go raibh **bród** orthu obair le **CDETB**

D'fhreagair duine **amháin** as **deichniúr**

an cheist seo ar bhealach **diúltach**

tugadh deis do gach ball foirne an suirbhé a chomhlánú



● aontaím go láidir ● aontaím ● ní aontaím nó ní easaontaím
● easaontaím ● easaontaím go láidir


<p>Rannpháirtíocht foirne níos fearr, tacú le forbairt (oideachas) na foirne, cumarsáid níos soiléire maidir lena chuid oibre ar an iomlán agus cé na cuspóirí atá ag an eagraíocht</p>	<p>Teastaíonn comhairliúchán leis an bhfoireann - tá aird á tarraingt ag CDETB ar an ngá atá le Guth na Scoláirí a aithint ach tugtar neamhaird ar Ghuth an Mhúinteora i gcónaí</p>
<p>Teastaíonn buiséad caipitil chun feabhas a chur ar áiseanna don fhoireann agus do scoláirí. Níos mó riaracháin agus tacaíochta ag teastáil ón bhfoireann le gur féidir le baill na foirne a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh</p>	<p>Cumarsáid a fheabhsú. Córais airgeadais a fheabhsú (iad a nuachóiriú). Níos mó ball foirne sa cheannoifig. Suíomh gréasáin nua a sheoladh/poiblíocht a fheabhsú.</p>
<p>Eagraíocht iltoiseach neamhbhreithiúnach a chuireann comhionannas rochtana ar fáil ar bhealaí éagsúla atá oiriúnach do chách.</p>	<p>Caithfidh na baill foirne oibriú le chéile, níl sé ionchuimsitheach faoi láthair, tá sé scoilte. Tá scileanna ag na baill foirne ar fad atá riachtanach.</p>
<p>Guth an fhoghlaimora a chloisteáil, níos mó comhoibrithe a spreagadh i measc múinteoirí, níos mó ball foirne riaracháin agus póirtéirí, glantóirí a fhostú</p>	<p>Cumasaíonn CDETB gach scoláire leis na scileanna atá de dhíth chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsaothair agus chun saoil neamhspleácha agus lánsásta a bheith acu</p>
<p>Riarachán a leasú agus a nuachóiriú:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. lucht bainistíochta/struchtúir na heagraíochta/acmhainní 2. Próisis na ndaoine 3. Airgeadas agus rialachas 4. TFC 5. Cumarsáid 	<p>Caithfear cumarsáid a fheabhsú ag gach leibhéal - ag tosú le suíomh gréasáin nua (ar a mbeidh rannán faoin bhfoireann) agus cuntais ríomhphoist do gach ball foirne</p>
<p>An-ghá le cumarsáid agus roinnt eolais níos fearr ar fud CDETB</p>	<p>Caithfear córais sa cheannoifig, i.e. airgeadas/párolla, a fheabhsú agus a nuachóiriú.</p>
<p>Eagraíocht iontach foghlama don phobal</p>	<p>Cumarsáid a fheabhsú, ár scéal a insint, fógraíocht a dhéanamh go forleathan</p>
<p>Ceannaire ó thaobh oideachas a sholáthar</p>	<p>Aire a thabhairt d'fholláine na foirne</p>

Cad a dúirt ár Scoláirí fúinn



Freagraí iar-bhunscoile	186
Freagraí breisoideachais	540
Freagraí na nIonad Oiliúna	54
Freagraí Ógtheagmhála	83
Freagraí na bhfoghlaimoirí fásta	27
Freagraí eile	8

- Seoladh an suirbhé seo amach chuig gach scoláire agus foghlaimoir
- Rinneadh an suirbhé seo go hanaithnid agus fuarthas aiseolas iontach uaidh a léiríonn pobal lán éagsúil na scoláirí.



● aontaím go láidir ● aontaím ● ní aontaím nó ní easaontaím
● easaontaím ● easaontaím go láidir

Tá múinteoirí áirithe anseo thar cionn agus spreagann siad mé le mo dhícheall a dhéanamh sa saol.	Tá níos mó roghanna in ábhair áirithe ag teastáil, caithfear éisteacht níos mó le guthanna na scoláirí.
Tá mo chairde anseo agus sin an t-aon réasún a thaitníonn sé liom	Tá na múinteoirí sochaideartha agus tuisceanach
Glacann sé go leor ama múinteoir ionaid a thabhairt isteach do mhúinteoir eile a fhágann nó a théann ar scor, agus téann sé seo i bhfeidhm ar fhoghlaim an scoláire	Tá an fhoireann, an teagasc agus na háiseanna oideachais ar fheabhas. Tá áiseanna an cheaintín an-dona, áfach.
Tá sé níos fearr ná go leor scoileanna eile ach braithim go bhfuil dearcadh sách diúltach ag go leor scoláirí i leith na foghlama.	Tacaíonn na múinteoirí ar fad leis an obair a dhéanann tú, spreagann siad thú le hobair a dhéanamh agus le foghlaim.
Tuilleadh gníomhaíochtaí le go mbeidh scoláirí níos gníomhaí agus le go mbainfidh siad níos mó taitnimh as saol na scoile	Is coláiste den scoth é, rinne mé an cinneadh ceart teacht chuig an gcoláiste seo.
Na seomraí folctha agus na seomraí feistis a fheabhsú le haghaidh corpoideachais agus taisceadáin níos mó a fháil, b'fhéidir	D'fhéadfaí áiseanna a fheabhsú, amhail Wi-Fi, an seomra lóin agus an leabharlann
D'fhéadfadh an chumarsáid idir roinnt múinteoirí agus a gcuid scoláirí a bheith níos trédhearcaí	Tuilleadh maoinithe le haghaidh gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus conláistí tábhachtacha amhail ríomhairí glúine nó deontais
Táim ag baint taitneamh as an am a chaithim sna ranganna. Bím ag éirí níos muiníní gach lá. Táim an-sásta leis an dul chun cinn atá déanta agam. Tá an timpeallacht an-úr, geal, an-ghlan, an-eagraithe agus cairdiúil.	Ba é seo an deis ab fhearr domsa mar níor cheap mé riamh go ndéanfaínn aon dul chun cinn sa saol agus chuir m'ionad ar mo shúile go bhfuil an-chumas agam obair dhian a dhéanamh.
Níl a fhios agam cad é BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus cad a dhéanann sé.	Tá áiseanna maithe i mo choláiste chun an eolaíocht a mhúineadh do na scoláirí. Sílim nach bhfaigheann mo choláiste dóthain aitheantais.
Faigh tuilleadh ríomhairí agus trealaimh chun níos mó cúnaimh a thabhairt do scoláirí.	Ceapaim gur chóir díriú ar shaincheisteanna meabhairshláinte

Cad a dúirt na tuismitheoirí

Suirbhé na
dTuismitheoirí
Líon iomlán na
bhfreagraí:


106

Dheimhnigh ochtar as deichniúr


go molfaidís scoil a linbh do
thuismitheoir eile.

- Is iad tuismitheoirí iar-bhunscoile na páirtithe leasmhara ábhartha sa chatagóir seo
- Thug scoileanna iar-bhunscoile cuireadh do gach tuismitheoir páirt a ghlacadh ann


Téitear i ngleic le riachtanais acadúla mo linbh ar bhealach sásúil.




Caitheann mo leanbh achar ama réasúnta ar an obair bhaile.




Cuirtear teicneolaíocht mhaith oideachais ar fáil sa scoil.



Cabhraíonn cumarsáid mhaith leis an scoil liom tacú le foghlaim mo linbh.



Tá dearcadh dearfach ag mo leanbh maidir leis nó léi féin mar fhoghlaimeoir.



Tá na spriocanna a leagann an múinteoir síos do mo leanbh réasúnta.



Tá áiseanna na Scoile go maith.




Tá atmaisféar lách i scoil mo linbh.



Tá gníomhaíochtaí maithe seach-churaclaim sa scoil.




Táim sásta leis na leibhéil ghnóthachtála sa scoil.



● aontaím go láidir ● aontaím ● ní aontaím nó ní easaontaím
● easaontaím ● easaontaím go láidir

Ceapaim go bhfuil an cur chuige i leith an teagaisc i gcás mo mhic ar fheabhas, tá a mhúinteoirí an-dáiríre faoi aire a thabhairt dá riachtanais	Tá an mála scoile i bhfad róthrom. Meas tú a éifeachtaí atá sé dhá nó trí mhúinteoir a bheith sa rang céanna ar laethanta difriúla.
Is cosúil go mbíonn roinnt ranganna saora neamhsceidealaithe ann gach seachtain, níl a fhios agam an é seo an gnáthrud.	Ní féidir staidéar a dhéanamh ar an bhfísic don Ardeistiméireacht agus seans go mbeidh orainn aistriú go dtí scoil eile dá bharr sin
Tuiscint na múinteoirí maidir le riachtanais agus moltaí gach dalta.	Tugadh an iomarca gealltanais ag an oíche oscailte nár comhlíonadh
Táimid an-sásta leis an gcúram agus leis an tuiscint a chuirtear ar fáil. Braitheann sé sábháilte ar scoil agus spreagtar go hacadúil agus go sóisialta é. Táimid an-sásta leis an rogha a rinneamar.	Tá an fhoireann ar fad tiomanta do agus go mór i bhfabhar daltaí a spreagadh le barr a gcumais a bhaint amach
Cumarsáid an-dona leis an bpríomhoide. Múinteoirí ag imeacht díreach sular thosaigh na bréagscrúduithe. Níl aon treallús ann rud ar bith a bhaint amach.	Teastaíonn cúntóir riachtanas speisialta ó mo leanbh chun cabhrú leis an curaclam a chríochnú. Teastaíonn sé freisin ionas nach gcuirfeadh isteach ar fhoghlaim leanáí eile. Tá an scoil ag déanamh a díchill.
Tá líonra maith tacaíochta sa scoil	Níos mó feasachta ar shláinte mheabhrach. Ag múineadh dóibh conas a bheith muiníneach agus conas déileáil lena n-ímní agus a n-eagla. Déan cumarsáid níos mó leis na tuismitheoirí nuair a bhíonn cúnaimh breise ag teastáil in ábhair áirithe nó i riachtanais an linbh
Teastaíonn níos mó roghanna ábhar ag an leibhéal sinsearach.	Tá an chuid is mó de na múinteoirí thar barr.



An bhfuil tú sásta gurb é BOO Chathair Bhaile Átha Cliath patrún scoil do linbh?

Rudaí a dúirt ár bpáirtithe leasmhara

“Is ionad ilfhreastail é seo, nasc do chuid seirbhísí le haghaidh na bhfoghlaimeoirí anois”

“Fógair do chuid gaiscí níos mó”

“Ná caill d’fhéiniúlacht phobail riamh”

“Tá CDETB ionchuimsitheach agus fairsing maidir lena sholáthar”

Cé hé CDETB?”

“Tá comhtháthú agus nascacht riachtanach agus muid ag dul chun cinn”

“Tá sé rithábhachtach caidrimh a chothú le heagraíochtaí eile”

Príomhthéamaí ó rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

Próifil

Féiniúlacht agus Brandáil (Pobal Vs Corparáideach)

Cuimsiú, Comhionannas agus Éagsúlacht

Soláthar seirbhíse bunaithe sa cheantar

Ceannairí ar an athrú, go háitiúil agus go náisiúnta

Cur le beartas náisiúnta agus é a chur i ngníomh

Próisis

Córais nua-aimseartha atá furasta le húsáid

CDETБ

Nuálaíocht agus cruthaitheacht ó thaobh an tsoláthair de

Oideolaíocht

Ag Freagairt do Riachtanais an Fhoghlaimeora (Gastacht)

Seirbhísí a nascadh chun tacú le foghlaimeoirí


Íomhá agus Forbairt na foirne

Comhpháirtíochtaí le go n-éireoidh le CDETБ


Rannpháirtíocht fostóra agus cúrsaí neamhchreidiúnaithe

Daoine

Torthaí na hAnailíse



CDETB Pobal Foghlama



Próifil	Daoine	Oideolaíocht	Próisis
<ul style="list-style-type: none"> - Féiniúlacht - Fís na heagraíochta - Cumarsáid 	<ul style="list-style-type: none"> - Cultúr na heagraíochta - An Fhoireann - Foghlaimoírí - Guth na Foirne/an Scoláire/an Foghlaimoira - Forbairt foirne 	<ul style="list-style-type: none"> - Teagasc, Foghlaim agus Measúnú - Tacaíochtaí do scoláirí - Aindreolaíocht 	<ul style="list-style-type: none"> - Córais riaracháin, eagrúcháin agus tacaíochta - Dearbhú Cáilíochta - Rialachas

An Misean atá againn

Is é an misean atá againn oideachas agus seirbhísí oiliúna proifisiúnta d'ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir chathair Bhaile Átha Cliath a chuireann le forbairt phearsanta an duine aonair agus le forbairt fhoriomlán shóisialta, eacnamaíochta agus chultúrtha na cathrach – ag cabhrú leat foghlaim ag cabhrú leat fás ag cabhrú leat fhorbairt

CDETB

ag cabhrú leat **FOGHLAIM**

ag cabhrú leat **FÁS**

ag cabhrú leat **FHORBAIRT**

An Fhís atá againn

Is é an fhís atá againn:

- Bheith i gceannas ar fhorbairt agus ar sholáthar oideachais i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Oideachas agus Oiliúint atá ionchuisitheach, proifisiúnta agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil go gníomhach i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le soláthar oideachais i gCathair Bhaile Átha Cliath, gá atá ag forbairt agus ag teacht chun cinn.
- Clár a sholáthar ina gcuirtear cáilíochtaí oiriúnacha agus bealaí chun cinn i dtreo ardchúrsaí oideachais, clár oiliúna agus fostaíochta.
- Seirbhís chuimsitheach don Óige a fhorbairt i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Údarás náisiúnta cáiliúcháin um dheontais do scoláirí atá éifeachtach, faoi bhainistíocht agus go hiomlán cuntasach, a chur ar fáil.

Ár gCreideamh

Is é an bunchreideamh atá againn go bhfuil sé de cheart ag gach duine rochtain a bheith aige nó aici ar dheiseanna Oideachais agus Oiliúna, a chabhróidh leis nó léi barr a chumais nó a cumais a bhaint amach.

Chun tacú le gach duine barr a chumais nó a cumais a bhaint amach, ní mór dúinn na tréithe seo a leanas a léiriú mar sholáthraí seirbhíse:

- **Ionchuimsitheach** táimid oscailte do gach foghlaimeoir atá in ann leas a bhaint as na cúrsaí a chuirimid ar fáil agus atá laistigh de scóip reachtaíochta ár seirbhísí.
- **Measúil** tá meas againn ar an gceart um chóir chomhionann do gach duine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí agus meas á léiriú againn ar chearta an duine aonair, lena n-áirítear meas ar an duine agus ar a cheart nó a ceart chun príobháideachta.
- **Freagrúil** táimid freagrúil do riachtanais na ndaoine agus na sochaí atá ag athrú, go háirithe riachtanais na ndaoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus/nó díffhostaithe
- **Cumasaithe** cuirimid deiseanna ar fáil chun daoine a chumasú lena n-acmhainn Oideachais agus Oiliúna a bhaint amach.

Ár dTiomantais

Táimid tiomanta do na nithe seo a leanas:

- barr feabhais proifisiúnta a chur chun cinn sa teagasc agus san oiliúint, agus torthaí ardchaighdeán a chur chun cinn san fhoghlaim
- timpeallacht oibre atá dearfach, soffreagrúil agus cumasaithe a chur ar fáil
- forbairt foirne a spreagadh
- éachtaí ag gach leibhéal a aithint
- barr feabhais proifisiúnta a chur chun cinn inár seirbhísí tacaíochta oideachais agus oiliúna agus inár riarachán
- barr feabhais proifisiúnta agus torthaí ardchaighdeán a chur chun cinn i seirbhísí oibre don ógra
- oideachas agus oiliúint a chur ar fáil agus tacú le seirbhísí don ógra atá ionchuimsitheach, il-sainchreidmeach, agus faoi cheangal ag caidreamh cuí ó thaobh cúraim agus measa de
- aghaidh a thabhairt ar riachtanais an fhoghlaimeora de réir mar a thagann riachtanais eacnamaíochta, shochaíochta agus fostaíochta chun cinn
- aghaidh a thabhairt ar éilimh eacnamaíochta agus shochaíochta
- glacadh le hindibhidiúlacht, le héagsúlacht agus le huileghabhálacht
- tacú le freagrachtaí sibhialta, sóisialta, pobail agus domhanda

- tacú le rannpháirtíocht scoláirí, foirne, tuismitheoirí agus an phobail in oideachas, oiliúint agus seirbhísí don ógra de chuid CDETB
- barr feabhais proifisiúnta a chur chun cinn maidir le deontais do mhic léinn a phróiseáil agus a sholáthar trí Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI)

An Ról atá againn

Tá roinnt príomhról againn a tháinig ón Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Seo a leanas na príomhróil atá againn:

- Scoileanna, Coláistí Breisoideachais, Lárionaid Oideachais, agus Ionaid agus saoráidí Oideachais agus Oiliúna aitheanta a bhunú agus a choimeád i gcathair Bhaile Átha Cliath
- soláthar an oideachais agus na hoiliúna a phleanáil, a chur ar fáil, a chomhordú agus a athbhreithniú, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint ar mhaithe le fostaíocht i seirbhísí atá á gcoimeád ag CDETB agus ag comhlachtaí poiblí eile i gcathair Bhaile Átha Cliath
- seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do sholáthraithe eile oideachais agus oiliúna
- tacú le seirbhísí oibre don ógra a chur ar fáil, a chomhordú, a riar agus a mheas i gcathair Bhaile Átha Cliath

D'ainmnigh an tAire Oideachais agus Scileanna muid mar an t-aon údarás náisiúnta cáiliúcháin amháin in Éirinn le haghaidh deontas do scoláirí i mbreisoideachas agus in ardoideachas. Riarann SUSI deontais do mhic léinn thar ceann CDETB agus de réir na gcritéar forordaithe cáilitheachta agus forálacha eile san Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 agus sna Scéimeanna agus Rialacháin Bhliantúla maidir le Deontais do Mhic Léinn.

Seo a leanas na príomhróil atá againn:

- na feidhmeanna a bhaineann le húdarás cáiliúcháin um dheontais do mhic léinn a bhaint amach
- cinntí a dhéanamh maidir le hiarratais ar dheontais, achomhairc, fiosrúcháin, athruithe ar chúinsí agus aisghabháil fiachas
- deontais a íoc le scoláirí incháilithe
- eolas agus tacaíocht a chur ar fáil do scoláirí maidir le deontais do scoláirí

Torthaí

Tríd an obair a dhéanfaimid sna cúig bliana amach romhainn agus mar fhreagra ar an bhforbairt atá déanta againn mar Bhord Oideachais agus Oiliúna, déanfaimid na nithe seo a leanas:


- ár bhfís agus ár gcreideamh a athnuachan agus a chur chun cinn bunaithe ar thiomantas d'oideachas agus d'oiliúint ardaighdeáin phroifisiúnta a chur ar fáil, go háirithe dóibh siúd is mó gá, agus cinntiú go bhfuil cur amach agus tuisceant ag an bhfoireann, na foghlaimoirí agus na páirtithe leasmhara ar an bhfís agus ar an gcreideamh seo
- oideachas, oiliúint agus seirbhísí don ógra a chomhordú chun freastal ar riachtanais na ndaoine ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí
- nuálaíocht agus forbairt a spreagadh agus freastal orthu sna seirbhísí oideachais, oiliúna agus óige a chuirimid ar fáil
- bealaí agus conairí soiléire agus trédhearcacha um dhul chun cinn a chruthú dár bhfoghlaimoirí i dtreo fostaíochta agus/nó i dtreo archlár oideachais agus oiliúna
- tabhairt faoi agus tacú le tionscnaimh thaighde agus forbartha agus torthaí agus foghlaim a roinnt laistigh agus lasmuigh de CDETБ chun cabhrú le beartas agus cleachtas a fhorbairt inár seirbhísí oideachais, oiliúna agus óige
- próisis éifeachtacha chomhairliúcháin agus chumarsáide a fhorbairt leis an bhfoireann, na foghlaimoirí agus na páirtithe leasmhara
- tacú le forbairt phroifisiúnta na foirne ar fad i mBord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, agus a n-ionchur proifisiúnta i bhforbairt ár n-eagraíochta agus na seirbhísí a chuirimid ar fáil á n-aithint
- bonn eolais a chur faoin bhforbairt ar bheartas agus ar chleachtas náisiúnta i seirbhísí oideachais, oiliúna agus óige ar bhealach forasach agus dearfach agus tionchar a imirt ar an bhforbairt sin
- teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí eile maidir le seirbhísí oideachais, oiliúna agus óige a chomhordú, seirbhísí a théann i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil, rochtain, cuimsiú sóisialta agus fostaíocht
- cuntasacht agus freagracht a fheabhsú ag gach leibhéal laistigh den eagraíocht
- sonraí agus staitisticí atá de dhíth a chur ar fáil ar mhaithe le planáil agus maoiniú éifeachtach
- tabhairt faoin leibhéal acmhainní atá de dhíth a bhaint amach, chun cuspoirí ár seirbhísí oideachais, oiliúna agus óige a bhaint amach ar bhealach gníomhach
- an úsáid a bhaintear as ár n-acmhainní a uasmhéadú ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach
- tacú leis an bhforas cáiliúcháin (SUSI) maidir le deontais do scoláirí a chur ar fáil go héifeachtach ar fud na tíre

An Straitéis

Tá na spriocanna straitéiseacha sa Ráiteas Straitéise bunaithe ar na ceithre cholún a aithníodh thíos,

- 1. Próifil** ina gcuirfear Féiniúlacht, Fís na hEagraíochta agus Cumarsáid san áireamh.
- 2. Daoine** ina gcuirfear Cultúr na hEagraíochta, an Fhoireann, Foghlaiméoirí, guth na Foirne agus na Scoláirí agus Forbairt Foirne san áireamh.
- 3. Oideolaíocht** ina gcuirfear Aindreolaíocht, Teagasc, Foghlaim, Measúnú agus Tacaíochtaí Scoláirí san áireamh.
- 4. Próisis** ina gcuirfear Córais Riaracháin, Eagrúcháin agus Tacaíochta, Dearbhú Cáilíochta agus Rialachas san áireamh.

Nascfar spriocanna straitéiseacha na gceithre cholún le cuspóirí agus le haidhmeanna SMART atá luaite i bPleananna Seirbhíse bliantúla CDETB. Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm na spriocanna straitéiseacha sa Tuarascáil Bhliantúil agus rianófar é. Leagfar amach freagrachtaí ar leith agus gníomhaíochtaí faoi cheangal ama sa Phlean Seirbhíse chun na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach thar thréimhse cúig bliana an Ráitis Straitéise. D'fhéadfadh an Bord na Spriocanna Straitéiseacha a athailíniú nó a leasú ar bhonn riachtanais agus tosaíochtaí CDETB de réir mar a mholtar i bhfianaise na Tuarascála Bliantúla agus an Phlean Seirbhíse. Ní thugtar achoimre ar na spriocanna in ord tábhachta nó tosaíochta.



Colún 1 - Próifíl

Féiniúlacht agus Cumarsáid

Spríoc Straitéiseach 1

Fís agus féiniúlacht CDETB a chur chun cinn agus é ina sholáthraí is fearr le daoine maidir le soláthar seirbhísí ardchaighdeáin oideachais agus oiliúna agus ina eascaitheoir seirbhísí don ógra i gcathair Bhaile Átha Cliath.

Spríoc Straitéiseach 2

Próifíl CDETB a ardú go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta agus cabhrú le beartas náisiúnta oideachais agus oiliúna a mhúnlú agus a chur i bhfeidhm.

Spríoc Straitéiseach 3

Bunluachanna CDETB a fhorbairt agus a fheabhsú agus na luachanna sin a dhaingniú inár ngnáthaimh agus inár gcleachtais laethúla ionas go soláthrófar seirbhís agus tacaíochtaí atá fíoréifeachtach do gach scoláire, foghlaimeoir agus páirtí leasmhar.

Spríoc Straitéiseach 4

Cumarsáid agus comhoibriú fíoréifeachtach a chothú laistigh agus lasmuigh den eagraíocht.

Spríoc Straitéiseach 5

Líonraí gníomhacha, freagrúla agus straitéiseacha agus comhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara, i gcomhthéacs an gheilleagair agus na sochaí atá ag athrú, a chur chun cinn .

Colún 2 - Daoine

Foireann, Scoláirí, Foghlaimeoirí

Spríoc Straitéiseach 1

Infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt foirne chun acmhainn phroifisiúnta a thógáil agus cultúr dearfach eagraíochtúil a chothú i CDETB.

Spríoc Straitéiseach 2

Leas a bhaint as guth an scoláire/an fhoghlaimeora agus as guth na foirne agus iad a chuimsiú i dtreoir agus i gceannaireacht straitéiseach CDETB.

Spríoc Straitéiseach 3

Forbairt phroifisiúnta a chur chun cinn agus a éascú, trí chomhoibriú foirne, agus bealaí nua oibre agus soláthair á gcur san áireamh.

Spríoc Straitéiseach 4

Cultúr nuálaíochta agus cruthaitheachta a chothú ina gcuirtear fás agus folláine phearsanta chun cinn agus ina dtacaítear leo. Ardaítear ann freisin míanta na foirne, na scoláirí agus na bhfoghlaimeoirí ar fad.

Spríoc Straitéiseach 5

Acmhainn cheannaireachta a fhorbairt laistigh den eagraíocht agus foirne láidre cumasacha ceannaireachta a chur le chéile.

Colún 3 – Oideolaíocht

Teagasc, Foghlaim, Measúnú agus Tacaíocht Scoláirí ina gcuirfear Aindreolaíocht san áireamh

Spríoc Straitéiseach 1

Oideachas agus oiliúint ardchaighdeáin a chur ar fáil bunaithe ar dhea-chleachtas in oideolaíocht agus in aindreolaíocht.

Spríoc Straitéiseach 2

Feasacht chultúrtha a chothú agus an Ghaeilge a chur chun cinn.

Spríoc Straitéiseach 3

Cruthaitheacht, nuálaíocht agus ilchineálacht ó thaobh cur chuige de a chur chun cinn san fhoghlaim, sa teagasc agus san oiliúint, mar shampla uirlisí digiteacha a úsáid.

Spríoc Straitéiseach 4

Comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta maidir leis an bhfoghlaim, an teagasc agus an oiliúint a fhorbairt agus tacú leo.

Spríoc Straitéiseach 5

Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thacaíocht do scoláirí atá fíoréifeachtach agus praiticiúil agus ag a bhfuil tionchar ar na scoláirí ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

Spríoc Straitéiseach 6

Deiseanna a chur chun cinn agus leas a bhaint astu chun soláthar seirbhísí oideachais agus oiliúna a mhéadú agus a fheabhsú i gcathair Bhaile Átha Cliath.

Spríoc Straitéiseach 7

Tabhairt faoi bharr feabhais sa teagasc, san fhoghlaim agus i gcleachtais mheasúnaithe atá dírithe ar an bhfoghlaiméoir agus bunaithe ar fhianaise, agus tacú leis an mbarr feabhais sin.

Colún 4 - Próisis

Córais Riaracháin, Eagrúcháin agus Tacaíochta

Spríoc Straitéiseach 1

Timpeallachtaí agus bonneagar ar ardchaighdeán dearbhairte a chruthú, a fhorbairt agus a choimeád chun eispéireas an fhoghlaimora in CDETB a fheabhsú.

Spríoc Straitéiseach 2

Tabhairt faoi nuachóiriú agus feabhsú na gcóras, na bpróiseas agus na struchtúr chun tacú le Scoileanna, le Coláistí agus le hIonaid maidir lena soláthar oideachais agus oiliúna.

Spríoc Straitéiseach 3

Tabhairt faoi nuachóiriú agus feabhsú na gcóras, na bpróiseas agus na struchtúr chun tacú le SUSI maidir le deontais do scoláirí a phróiseáil.

Spríoc Straitéiseach 4

Cultúr cruthaitheachta agus nuálaíochta a chothú ina nglactar le hoiriúnú agus le hathrú le haghaidh cúinsí agus comhthéacsanna nua, agus tacú leis an gcultúr sin.


Spríoc Straitéiseach 5

Rialachas agus úsáid éifeachtach agus éifeachtúil na n-acmhainní (daonna agus fisiciúla) a bhaint amach chun soláthar na seirbhísí oideachais, oiliúna agus tacaíochta a fheabhsú.


Spríoc Straitéiseach 6

Struchtúir agus foirne de chuid CDETB atá bunaithe sa cheantar a chruthú agus a fhorbairt chun lánpháirtíocht agus comhtháthú níos fearr a éascú i soláthar seirbhísí oideachais, oiliúna agus tacaíochta.

Feidhmiú



Aguisíní



Aguisín 1 - Giorrúcháin

CSPC	Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha
OOA	Oifigeach Oideachais Aosaigh
AHEAD	An Cumann um Rochtain ar Ardoideachas agus Míchumas
CIR	An Coiste Iniúchta agus Riosca
ARC&C	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
PS	Pobalscoil
CDYSB	Bord Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
IOP	Ionad Oiliúna Pobail
CSLDÓ	An Coiste Seirbhísí um Leanaí agus Dhaoine Óga
OOSP	Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil
RLGÓ	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
RLCMLÓ	Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
DEIS	Soláthar Comhdheiseanna sna Scoileanna
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
RBATNE	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
EAL	Béarla mar Theanga Bhreise
COLÓ	Cúram agus Oideachas na Luath-Óige
SRST	An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí
ODRSO (Acht)	Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (Acht)
ESOL	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
ET	Ag Foghlaim Le Chéile
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
BOOÉ	Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
BO	Breisoideachas agus Oiliúint
SLG	Samhail Leithdháilte Ghinearálta
AO	Ardoideachas
ÚAO	An tÚdarás Ardoideachais

IAO	Institiúid Ardoideachais
TBSP	Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
All	An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí
TFC	Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide
POA	Plean Oideachais Aonair
ITC	Institiúid na dTreoirchomhairleoirí
IT	Institiúid Teicneolaíochta
TF	Teicneolaíocht Faisnéise
OTM	Oiliúint Tosaigh Múinteoirí
SS	An tSraith Shóisearach
TSCS	Teastas Sóisearach - Clár Scoile
SSM	An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
CB	Comhchoiste na mBainisteoirí
AT	An Ardteistiméireacht
ATF	An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
GCAT	Gairmchlár na hArdteistiméireachta
NAC	An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Litearthacht agus Uimhearthacht
NALA	An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh
NCSE	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
NEPS	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
CÉAL	Córas Éilimh Ar Líne
CO	Corpoideachas
IAR-AT	Iar-Ardteistiméireacht
CTCF	Córas Tacaíochta Clár agus Foghlaimeora
PPD	Plean Pearsanta Dalta
CDM	Cóimheas idir Daltaí agus Múinteoirí
DC	Dearbhú Cáilíochta
DCCÉ	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an ghníomhaireacht náisiúnta um chaighdeán agus ghradaim)
RASE	Socrú Réasúnta sna Scrúduithe Stáit
CSS	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
ERSO	Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais
TOS	Teagasc Oideachais Speisialta

TUT	Teiripe Urlabhra agus Teanga
CRS	Cúntóir Riachtanas Speisialta
ORS	Oideachas Riachtanas Speisialta
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
OSPS	Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
ETIM	Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic
ETIEM	Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaín agus Matamaitic
SUSI	Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn
IO	Ionad Oiliúna atá á reáchtáil ag BOO áitiúil
CM	An Chomhairle Mhúinteoireachta
CEM	Comhairle Eadrána do Mhúinteoirí
FCT	Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
OT	Ollscoil Teicneolaíochta
IB	An Idirbhliain
RIB	Rogha na hIdirbhliana
YESS	Seirbhís tacaíochta CDETB d'imircigh óga

Aguisín 2 - Comhaltaí Bhord CDETB

Ionadaithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

An Clr Keith Connolly (Cathaoirleach)

An Comhairleoir Mary Callaghan

An Comhairleoir Caroline Conroy

An Comhairleoir Joe Costello

An Comhairleoir Anne Feeney

An Comhairleoir Vincent Jackson

An Comhairleoir Dermot Lacey

An Clr Mícheál Mac Donncha

An Clr Declan Meenagh

An Comhairleoir Sophie Nicoulaud

An Comhairleoir Noeleen Reilly

An Comhairleoir Catherine Stocker

Ionadaithe Foirne

Audrey Cepeda

Noel McDonagh

Ionadaithe Tuismitheoirí

Diane Cronin

An Dr Bryan MacDonald

Ionadaithe ceaptha faoi Chuid 30 (d) den Acht um Boird Oideachais agus Oilíúna

An tUas. Michael Blanchfield

John Carr

An Dr Shira Mehlman

An Dr Noel O'Connor

Joanna Siewierska

Aguisín 3 - Leabharliosta Taighde

- An Plean Gníomhaíochta don Oideachas
- Straitéis um Chosaint agus Leas Leanaí 2017-2022
- Ciorcláin ROS
- Plean DEIS ROS
- Straitéis Dhigiteach ROS
- An tAcht Oideachais, 1998
- An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013
- Creat na Sraithe Sóisearaí
- Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta 2016-2020
- Languages Connect
- An Plean Náisiúnta um Rochtain ar an Ardoideachais
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027
- An Plean Náisiúnta um Ardoideachas 2030
- An Straitéis Náisiúnta um Scileanna 2025
- An Straitéis Náisiúnta um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe
- An Straitéis Náisiúnta maidir le Cuimsiú na dTaistealaithe agus na Romach 2017-2021
- An Straitéis Náisiúnta don Ógra 2015-2020
- Clár an Rialtais 2020
- Straitéis BO SOLAS – BO amach anseo 2020-2024
- Beartas Oideachais ETIM 2017-2026

Aguisín 4 - Ráiteas Éitis Scoile BOOÉ

Is scoileanna stáit, comhoideachais, il-sainchreidmheacha iad scoileanna BOO a bhfuil na bunluachanna seo a leanas mar bhonn fúthu:

- Barr feabhais san Oideachas;
- Cúram;
- Comhionannas;
- Pobal agus
- Meas.



Agus é ina soláthraí stáit oideachais, seo a leanas an cur síos a dhéanann earnaíl BOO ar scoil ‘il-sainchreidmheach’:

I scoileanna BOO, tugtar comhdheiseanna do gach scoláire maidir le rollú ar aon dul leis an Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018. Nuair a chláraítear scoláire, déanann ár scoileanna a ndícheall comhdheiseanna a chur ar fáil do gach scoláire chun dul i ngleic leis an gcuraclam agus le saol na scoile. Caitear le gach ball dár bpobail scoile go cothrom i ngach gné de shaol na scoile, beag beann ar aon cheann de na nithe seo a leanas: cine, inscne, reiligiún/ creideamh, aois, stádas teaghlaigh, stádas sibhialta, duine den lucht siúil, gnéaschlaonadh, cumas nó stádas socheacnamaíoch.

Cuireann ár scoileanna timpeallacht shábháilte fhisiciúil agus shóisialta ar fáil a neartaíonn braistint chómhuintearais i bpobal na scoile agus sa tsochaí níos leithne. Déanann siad gach iarracht cur ar chumas gach scoláire barr a chumas nó a cumais a bhaint amach, beag beann ar aon ghné d’fhéiniúlacht nó de chúlra an scoláire. Cuirtear oideachas atá go hiomlán ionchuimsitheach chun cinn inár scoileanna ina n-aithnítear éagsúlacht féiniúlachtaí, creideamh agus luachanna na scoláirí, na dtuismitheoirí agus na foirne. Ullmhaímid saoránaigh atá leathanaigeanta, íogair ó thaobh an chultúir de agus freagrach, agus a bhfuil an-tuiscint acu ar luachanna roinnte.

I scoileanna BOO, caitear le scoláirí de gach reiligiún agus creideamh go cothrom. Ní thugann timpeallacht agus gníomhaíochtaí na scoile buntáiste d’aon ghrúpa ar leith agus tugtar aitheantas do scoláirí de gach reiligiún agus creideamh agus éascaítear iad.



Oifigí Riaracháin CDETB,
Halla an Bhaile,
1-3 Bóthar Mhuirfean,
Droichead na Dothra,
Baile Átha Cliath 4,
D04 PP46, Éire
www.cdetsb.ie
info@cdetsb.ie
Fón: +353 1 6680614



CDETB

Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath
City of Dublin Education and Training Board



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills



An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais,
Taighde, Nualiaochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education,
Research, Innovation and Science

SOLAS
learning works



EUROPEAN SOCIAL FUND



etbi
Education and Training
Boards Ireland
An Bord Oideachais agus
Oiliúna Éireann